# Ceacht a Cúig — Cad a dúirt sé?
# Lesson Five — What did he say?



| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Seán: **Tá** mé go maith. | Sean: I’m well. |
| | Cad a dúirt Seán? | What did Sean say? |
| | Dúirt sé **go bhfuil** sé go maith. | He said that he is well. |
| | Máire: **Níl** mé tinn. | Mary: I am not ill. |
| | Cad a dúirt Máire? | What did Mary say? |
| | Dúirt sí **nach bhfuil** sí tinn. | She said that she isn’t ill. |
| **2.** | Cad atá ort? | What’s wrong? |
| | Seán: **Tá** slaghdán orm. | Sean: I have a cold. |
| | Dúirt Seán **go bhfuil** slaghdán air. | Sean said that he has a cold. |
| | Máire: **Níl** ocras orm. | Mary: I’m not hungry. |
| | Dúirt Máire **nach bhfuil** ocras uirthi. | Mary said that she’s not hungry. |
| **3.** | Seán: **Ithim** iasc. | Sean: I eat fish. |
| | Dúirt Seán **go n-itheann** sé iasc. | Sean said that he eats fish. |
| | Máire: **Ní ithim** feoil. | Mary: I don’t eat meat. |
| | Dúirt Máire **nach n-itheann** sí feoil. | Mary said that she doesn’t eat meat. |
| **4.** | Seán: **D’ith** mé ceapaire. | Sean: I ate a sandwich. |
| | Dúirt Seán **gur ith** sé ceapaire. | Sean said that he ate a sandwich. |
| | Máire: **Níor ith** mé bagún. | Mary: I didn’t eat bacon. |
| | Dúirt Máire **nár ith** sí bagún. | Mary said that she didn’t eat bacon. |
| **5.** | Seán: **Is** maith liom iasc. | Sean: I like fish. |
| | Dúirt Seán **gur** maith leis iasc. | Sean said that he likes fish. |
| | Máire: **Ní** maith liom feoil. | Mary: I don’t like meat. |
| | Dúirt Máire **nach** maith léi feoil. | Mary said that she doesn’t like meat. |
| **6.** | Seán: **Is** dochtúir mé. | Sean: I’m a doctor. |
| | Dúirt Seán **gur** dochtúir é. | Sean said that he’s a doctor. |
| | Máire: **Ní** múinteoir mé. | Mary: I’m not a teacher. |
| | Dúirt Máire **nach** múinteoir í. | Mary said that she’s not a teacher. |
| **7.** | Ceapaim **go bhfuil** Máire tinn. | I think that Mary is ill. |
| | Sílim **go bhfuil** Máire tinn. | I think that Mary is ill. |
| | Creidim **go bhfuil** Máire tinn. | I believe that Mary is ill. |
| | Is dóigh liom **go bhfuil** Máire tinn. | I suppose that Mary is ill. |
| | Chuala mé **go bhfuil** Máire tinn. | I heard that Mary is ill. |
| | Tá súil agam **go bhfuil** sí go maith. | I hope that she is well. |